Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**13622/25**

**EF 332**
**ECOFIN 1307**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 1 Deireadh Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 681 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN maidir le Straitéis um Litearthacht Airgeadais don Aontas |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 681 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 681 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.9.2025
COM(2025) 681 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**maidir le Straitéis um Litearthacht Airgeadais don Aontas**


GA GA

## 1. Straitéis an Aontais um litearthacht airgeadais

Is scil riachtanach saoil í an litearthacht airgeadais. Tagraíonn sí don mheascán d'fheasacht airgeadais, d'eolas, de scileanna, de dhearcthaí agus d'iompraíochtaí atá riachtanach chun cinntí fónta airgeadais a dhéanamh. Le litearthacht airgeadais, tugtar de chumhacht do dhaoine aonair dul i mbun cleachtais fhónta airgeadais amhail buiséadú éifeachtach, coigilteas eolasach agus roghanna infheistíochta, pleanáil airgeadais fhadtéarmach chuí lena n□áirítear pleanáil scoir agus bainistíocht fhreagrach ar fhiachas, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le neamhspleáchas airgeadais, bainistiú riosca agus calaois agus camscéimeanna a sheachaint. Trí nósanna fónta airgeadais a chothú, is féidir le daoine aonair agus teaghlaigh feabhas a chur ar a n□athléimneacht airgeadais, as a dtiocfaidh cobhsaíocht eacnamaíoch níos fearr agus riosca laghdaithe maidir le rófhéichiúnas. **Dá bhrí sin, tá an litearthacht airgeadais ríthábhachtach chun saoránaigh a chumhachtú chun a neamhspleáchas airgeadais agus a bhfolláine a áirithiú.** Thairis sin, téann na tairbhí a bhaineann leis níos faide ná an duine aonair: trí chuimsiú airgeadais agus rannpháirtíocht shibhialta a chur chun cinn, tá an litearthacht airgeadais ina cuidiú le sochaí níos athléimní a fhorbairt.

**Tá na leibhéil litearthachta airgeadais san Aontas an□íseal faoi láthair** (féach an chairt thíos). De réir shuirbhé Eorabharaiméadair 2023, tá ardleibhéal litearthachta airgeadais ag níos lú ná aon chúigiú (18 %) de shaoránaigh an Aontais([1]). Tá difríochtaí nach beag idir leibhéil litearthachta airgeadais ar fud na mBallstát agus i measc cohóirt dhéimeagrafacha éagsúla laistigh de na Ballstáit. Is gnách go mbíonn leibhéil níos ísle litearthachta airgeadais ag mná, daoine óga agus seanóirí, daoine a bhfuil ioncam níos ísle acu agus a bhfuil leibhéal oideachais ghinearálta níos ísle acu ná mar a bhíonn ag grúpaí eile ar an meán.

**Eorabharaiméadar: Scór litearthachta airgeadais de réir Ballstáit**




*Foinse: Eurobarometer on Monitoring the level of financial literacy in the EU, 2023 [Eorabharaiméadar maidir le Faireachán a dhéanamh ar leibhéal na litearthachta airgeadais san Aontas, 2023]*


---

[1]An Coimisiún Eorpach (2023). *Monitoring the level of financial literacy in the EU [Faireachán a dhéanamh ar leibhéal na litearthachta airgeadais san Aontas] (Suirbhé Flais-Eorabharaiméadair 525: Suirbhé Uimh. 2953).* [ar líne] Le fáil ag: https://europa.eu/eurobarometer/surveys/detail/2953

San Aontas, níl dóthain coigiltis éigeandála ag beagnach leath (49 %) den daonra idir 18 agus 65 bliana d’aois chun a gcostais mhaireachtála a chumhdach ar feadh 3 mhí ar a laghad, gan aon airgead a fháil ar iasacht ná teach a bhogadh. Ina theannta sin, níl aon choigilteas éigeandála ag 16 % ach oiread. Nuair a chuirtear na leibhéil ísle litearthachta airgeadais atá ann san áireamh, fágann sé sin go bhfuil siad an□leochaileach i leith turraingí airgeadais nó i leith iarmhairtí na drochchinnteoireachta airgeadais. An gá atá le litearthacht airgeadais a fheabhsú, tá an gá sin níos tábhachtaí fós i saol an lae inniu atá ag éirí níos digitithe, inar féidir rochtain a fháil níos mó ná riamh ar réimse níos leithne táirgí airgeadais. Ní mór an litearthacht airgeadais a bheith ina léiriú ar na bealaí athraitheacha ina soláthraítear seirbhísí airgeadais, chun daoine a chumhachtú iad a úsáid ar bhealach sábháilte agus go muiníneach, agus leas á bhaint as na deiseanna nua a thagann leis sin, lena n-áirítear trí Chuntais Choigiltis agus Infheistíochta agus an fhéidearthacht maidir leis an euro digiteach, agus aird á tabhairt ag an am céanna ar na rioscaí, lena n-áirítear na rioscaí sin a bhaineann le calaois nó camscéimeanna, nó táirgí amhantracha casta ardriosca.

Bíonn tionchar ag an litearthacht airgeadais ar chinnteoireacht airgeadais freisin. Mar shampla, is dócha gur toisc thábhachtach iad leibhéil éagsúla litearthachta airgeadais lena mínítear leibhéal measartha íseal rannpháirtíochta miondíola i margaí caipitil ar fud an Aontais chomh maith le héagsúlacht nach beag i rátaí rannpháirtíochta i measc na mBallstát (féach an chairt thíos).

**Céatadán den daonra ag a bhfuil táirge infheistíochta (ciste, stoc nó bannaí) de réir Ballstáit**




*Foinse: Eurobarometer on Monitoring the level of financial literacy in the EU, 2023 [Eorabharaiméadar maidir le Faireachán a dhéanamh ar leibhéal na litearthachta airgeadais san Aontas, 2023]*

## 2. Straitéis an Aontais um litearthacht airgeadais

### 2.1. Cuspóirí

I bhfianaise an mhéid sin, d’fhógair an Coimisiún straitéis chuimsitheach um litearthacht airgeadais sa Teachtaireacht uaidhmaidir le hAontas Coigiltis agus Infheistíochta (SIU)([2]) arb é is cuspóir foriomlán di aghaidh a thabhairt ar leibhéil ísle litearthachta airgeadais, chun saoránaigh a chumhachtú chun cinntí eolasacha a dhéanamh maidir lena n□airgeadas pearsanta, agus chun a rannpháirtíocht i margaí caipitil a éascú ar bhonn sábháilte fónta. Is é is aidhm don straitéis sin tacú le cuspóirí tábhachtacha maidir le cuimsiú airgeadais, lena n□áirítear feasacht a mhúscailt chun rochtain ar sheirbhísí airgeadais agus úsáid éifeachtach seirbhísí airgeadais a chur chun cinn, athléimneacht eacnamaíoch a neartú, agus beartais lena ndírítear ar ghrúpaí leochaileacha a chur chun cinn. Féachtar léi freisin le litearthacht infheistíochta agus tuiscint ar tháirgí airgeadais a fhorbairt, lena n□áirítear fíor-chomhbhabhtáil idir riosca agus toradh.

Maidir le haon straitéis a bhaineann le litearthacht airgeadais, ní féidir an cur chuige uilíoch a ghlacadh. Ní mór do thionscnaimh aghaidh a thabhairt ar **chúinsí sonracha agus ar riachtanais shonracha spriocghrúpaí agus pobal éagsúil**. Mar shampla, cé nach bhfuil coigilteas ag roinnt daoine chun infheistíocht a dhéanamh ach go bhféadfaidís tairbhe a bhaint as treoir maidir le déileáil le billí fóntais, cártaí creidmheasa, árachas agus rochtain a fháil ar shochair shóisialta nó ar shochair eile, tá coigilteas ag daoine eile agus d’fhéadfaidís tairbhe a bhaint as rochtain níos fearr ar fhaisnéis maidir le conas na coigiltis sin a bhainistiú ar bhealach níos fearr. Ach díriú go sonrach ar dhéimeagrafaic éagsúla trí thionscnaimh thiomnaithe chuimsitheacha um litearthacht airgeadais lena n□áirítear comhairle iontaofa i leith fiachais agus trí na meáin agus na bealaí a chur in oiriúint dá riachtanais, d’fhéadfadh tionscnaimh den sórt sin rannchuidiú le neamhionannas airgeadais a laghdú, agus cuidiú le daoine aonair ag an am céanna chun na tairbhí a bhaineann lena gcoigilteas a uasmhéadú.

Ar an iomlán, cuirfidh sé sin ar chumas daoine aonair a mbuiséid agus a gcoigilteas a bhainistiú go héifeachtúil, dul i ngleic leis na dúshláin agus na deiseanna a eascraíonn as digitiú leanúnach, agus a rachmas a mhéadú le himeacht ama, lena n□áirítear trí infheistíocht a dhéanamh i margaí caipitil. D’fhéadfadh infheistíochtaí den sórt sin torthaí níos airde a bheith acu, agus roghanna cistiúcháin breise a chur ar fáil ag an am céanna do chuideachtaí an Aontais agus, ar an gcaoi sin, cur leis an bhfás eacnamaíoch. Cé gur cheart do dhaoine aonair cinneadh a dhéanamh dóibh féin maidir le bheith rannpháirteach i margaí caipitil, tá sé fíor-riachtanach go mbeidh na daoine sin a roghnaíonn infheistíocht a dhéanamh in ann cinntí fónta eolasacha a dhéanamh agus go gcaithfear go cothrom leo. Trí thimpeallacht den sórt sin a chothú, is féidir le hinfheisteoirí nua dul i ngleic go muiníneach le cinntí airgeadais, agus is féidir le hinfheisteoirí atá ann cheana leanúint de bheith rannpháirteach. Le litearthacht airgeadais

[2] An Ard-Stiúrthóireacht um Chobhsaíocht Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil (2025). *Savings and investments union: Strategy to enhance financial opportunities for EU citizens and businesses* [Aontas coigiltis agus infheistíochtaí: Straitéis chun deiseanna airgeadais a fheabhsú do shaoránaigh agus do ghnólachtaí an Aontais]. [ar líne] Le fáil ag: https://finance.ec.europa.eu/publications/savings-and-investments-union-strategy-enhance-financial-opportunities-eu-citizens-and-businesses_en

fheabhsaithe, gheobhaidh saoránaigh feasacht níos mó ar thionchar a gcinntí infheistíochta freisin. Áirítear leis sin tuiscint níos fearr ar na héifeachtaí eacnamaíocha a bhaineann le roghnú gníomhaíochtaí áirithe a chistiú, chomh maith lena dtionchair agus a n□impleachtaí don fhostaíocht, don inbhuanaitheacht, do thorthaí sóisialta agus don athléimneacht.

### 2.2. Forbairt a dhéanamh ar thionscnaimh atá ar siúl faoi láthair

Leis an straitéis, cuirtear le **hiarrachtaí leanúnacha an Choimisiúin litearthacht airgeadais a fheabhsú**, leanúnachas a áirithiú agus tionscnaimh a bhí ann roimhe seo a ghiaráil. Comhlánaítear léi gníomhaíochtaí a dhéantar chun feasacht a mhúscailt agus inniúlachtaí airgeadais daoine óga, leanaí agus daoine fásta a fheabhsú trí chreataí inniúlachta airgeadais comhpháirteacha an Choimisiúin Eorpaigh/na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta — an Líonra Idirnáisiúnta um Oideachas Airgeadais (ECFE-INFE)([3]) ([4]), creataí inniúlachtaí airgeadais fiontraithe tríd an gcreat Eorpach um inniúlacht fiontraíochta (EntreComp[5])) agus tríd an obair a forbraíodh leis na Ballstáit faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (TSI) ([6]). Cuirtear san áireamh inti an Clár Beartais don Deacáid Dhigiteach lena soláthraítear creat ábhartha chun scileanna digiteacha a chur chun cinn. Comhlánaítear léi Teachtaireacht 2025 maidir le hAontas na Scileanna([7]), an Straitéis i gcoinne na Bochtaineachta atá ar na bacáin, agus iarrachtaí eile freisin([8]).

Leis an straitéis, freagraítear freisin do ghlaonna ar ghníomhaíocht ón gComhairle chuig an gCoimisiún ina conclúidí in 2024 maidir le litearthacht airgeadais ([9]) chun malartú dea-chleachtas ag na Ballstáit a éascú, chun leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar leibhéil litearthachta airgeadais san Aontas agus chun glacadh na gcreataí inniúlachta airgeadais a chur chun cinn. Ina theannta sin, d'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún tacú le gníomhaíochtaí

---

[3] An Ard-Stiúrthóireacht um Chobhsaíocht Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil (2023). *Creat inniúlachtaí airgeadais do leanaí agus don óige.* [ar líne] Le fáil ag: https://finance.ec.europa.eu/system/files/2023-09/230927-financial-competence-framework-children-youth_en.pdf https://finance.ec.europa.eu/system/files/2022-01/220111-financial-competence-framework-adults_en.pdf

[4] An Ard-Stiúrthóireacht um Chobhsaíocht Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil (2022). *Financial competence framework for adults* [Creat inniúlachtaí airgeadais le haghaidh daoine fásta]. [ar líne] Le fáil ag: https://finance.ec.europa.eu/system/files/2022-01/220111-financial-competence-framework-adults_en.pdf

[5] An tAirmheán Comhpháirteach Taighde, i gcomhpháirtíocht leis an Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú (2016). *EntreComp: The Entrepreneurship Competence Framework.*[EntreComp: An Creat Inniúlachtaí Fiontraíochta]. [ar líne] Le fáil ag: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/entrecomp-entrepreneurship-competence-framework_en

[6] Féach, mar shampla, Ard-Stiúrthóireacht na Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach (2023). *TSI 2024 Flagship – Digital Financial Literacy* [Tionscnamh Suaitheanta TSI 2024 — Litearthacht Airgeadais Dhigiteach]. [ar líne] Le fáil ag: https://reform-support.ec.europa.eu/tsi-2024-flagship-digital-financial-literacy_en

[7] An Coimisiún Eorpach (2025). *Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le litearthacht airgeadais dhigiteach (COM(2025) 90 final).* [ar líne] Le fáil ag: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX%3A52025DC0090

[8] Leis an straitéis, cuirtear freisin le hiarrachtaí leanúnacha an Choimisiúin litearthacht staidrimh agus litearthacht sonraí a neartú, rud a chuidíonn le saoránaigh tuiscint a fháil ar na príomhghnéithe is gá chun cinntí fónta airgeadais a dhéanamh. Féach: Eurostat (2024). *Improving statistical literacy* [Litearthacht staidrimh a fheabhsú]. [ar líne] Le fáil ag: https://cros.ec.europa.eu/book-page/improving-statistical-literacy

[9] Comhairle an Aontais Eorpaigh (2024). *Draft Council Conclusions on Digital Financial Literacy (ST-9930/2024 INIT)* [Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le Litearthacht Airgeadais Dhigiteach (ST-9930/2024 INIT)]. [ar líne] Le fáil ag: https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-9930-2024-INIT/en/pdf

neamhreachtacha amhail tionscadail litearthachta airgeadais a chistiú trí TSI agus Erasmus+, oiliúint agus deiseanna taighde a éascú, agus comhar maidir le litearthacht airgeadais a neartú.

Tacaítear leis an straitéis le hiarrachtaí arna ndéanamh ag na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha (ÚMEnna), ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE), agus ag eagraíochtaí idirnáisiúnta eile, go háirithe ECFE([10]), chun feasacht airgeadais a ardú agus leibhéil litearthachta airgeadais a fheabhsú. Tugtar faoi deara freisin gur ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuarascáil féin cheana féin([11]). Ghlac Parlaimint na hEorpa tuarascálacha le déanaí freisin maidir leis an Aontas Coigiltis agus Infheistíochta, lena n􀀀áirítear litearthacht airgeadais([12]) agus molann an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus dá Feisirí litearthacht airgeadais a chur chun cinn go réamhghníomhach san Aontas.

Tá an straitéis nua ag teacht le **creat rialála an Aontais le haghaidh seirbhísí airgeadais**. Tá sé comhlántach le rialacha cosanta infheisteoirí maidir le hiontaoibh agus muinín a chothú i measc infheisteoirí miondíola. I bhfianaise an mhéid sin, áirítear freisin i dtogra 2023 ón gCoimisiún le haghaidh Straitéis Infheistíochta Miondíola (RIS) ceanglas ar na Ballstáit litearthacht airgeadais a chur chun cinn i measc infheisteoirí miondíola. Tá an togra sin sa phróiseas reachtach agus tá sé á chaibidliú anois ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle. Tá litearthacht airgeadais tábhachtach freisin chun tacú le rath na gCuntas Coigiltis agus Infheistíochta, ar ábhar é do Mholadh ón gCoimisiún a glacadh an lá céanna leis an Teachtaireacht seo.

Is tosaíocht fós í an rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara. Leis an straitéis, déantar forbairt ar rath chomhdháil ardleibhéil 2024 maidir le 'Litearthacht Airgeadais, Athléimneacht agus Cuimsiú' agus ar an gcomhdháil acadúil a ghabhann léi([13]). Cuimsítear inti freisin aiseolas ón nGlao ar Fhianaise a foilsíodh i gcomhthéacs na Teachtaireachta maidir leis an Aontas Coigiltis agus Infheistíochta, inar áiríodh breithnithe maidir leis an ngá atá le feabhas a chur ar leibhéil na litearthachta airgeadais san Aontas. Ina theannta sin, léirítear inti comhairliúcháin fhorleathana leis na Ballstáit uile trí Ghrúpa Saineolaithe Rialtas an Aontais um Sheirbhísí Airgeadais Miondíola (GEGRFS).

[10] Cuireann ECFE treoirphrionsabail ar fáil trí Mholadh ECFE/INFE maidir le Litearthacht Airgeadais, lena dtacaítear le rialtais agus le páirtithe leasmhara straitéisí agus cláir oideachais éifeachtacha a dhearadh, a chur chun feidhme agus a mheas. Mar chuid den obair atá ar bun aige, déanann ECFE measúnuithe rialta freisin chun litearthacht airgeadais a thomhas. Léiríodh i Suirbhé Idirnáisiúnta 2023 ar Litearthacht Airgeadais d'Aosaigh, lena gcumhdaítear 39 ngeilleagar, nasc soiléir idir leibhéil níos airde litearthachta airgeadais agus athléimneacht agus folláine airgeadais níos fearr. Ina theannta sin, rinneadh meastóireacht i measúnú litearthachta airgeadais PISA 2022 ar scileanna daoine 15 bliana d'aois, rud a chuir i dtábhacht bearnaí nach beag i gcumas na mac léinn eolas airgeadais a chur i bhfeidhm ar chásanna fíorshaoil.

[11] Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) (2025). *Financial literacy and education for Europeans* [Litearthacht airgeadais agus oideachas do mhuintir na hEorpa (Tuairim ECO/677-EESC-2025)]. [ar líne] Le fáil ag: https://www.eesc.europa.eu/en/our-work/opinions-information-reports/opinions/financial-literacy-and-education-europeans-0

[12] Parlaimint na hEorpa, Rún an 10 Meán Fómhair 2025 maidir le hinfheistíochtaí agus athchóirithe d'iomaíochas na hEorpa agus maidir le hAontas na Margaí Caipitil a chruthú (cistiú infheistíochtaí agus athchóirithe a éascú) (TA-10-2025-0185) [ar líne], an 10 Meán Fómhair 2025. Le fáil ag: https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-10-2025-0185_EN.html

[13] An Coimisiún Eorpach; Údarás Seirbhísí Airgeadais agus Margaí na Beilge (FSMA) (2024). *Financial literacy, resilience and inclusion* [Litearthacht airgeadais, athléimneacht agus cuimsiú](Comhdháil, an 20 Feabhra 2024). [ar líne] Le fáil ag: https://finance.ec.europa.eu/events/financial-literacy-resilience-and-inclusion-2024-02-20_en

Leis an straitéis, féachtar le comhlánú agus neartú a dhéanamh ar straitéisí agus tionscnaimh náisiúnta um litearthacht airgeadais arna ndéanamh ag páirtithe leasmhara poiblí agus príobháideacha sna Ballstáit, amhail comhlachais tomhaltóirí agus infheisteoirí miondíola, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, comhlachais tionscail agus rannpháirtithe eile sa mhargadh. Go háirithe, is féidir le comhlachais tomhaltóirí agus comhlachais infheisteoirí miondíola a bheith ina n-abhcóidí iontaofa neamhspleácha lena n-áirithítear go leanfaidh iarrachtaí oideachais de bheith inrochtana, neamhchlaonta agus ailínithe le leasanna tomhaltóirí.

Ina theannta sin, is féidir le comhlachais tionscail saineolas cuimsitheach, léargais phraiticiúla agus for-rochtain inscálaithe a sholáthar. Má leagtar amach i gceart é, is féidir leis sin cuidiú le saoránaigh eolas ábhartha agus an t-eolas is déanaí a bheith acu faoi tháirgí agus seirbhísí airgeadais. Tá cumas uathúil ag ceardchumainn freisin litearthacht airgeadais a chur chun cinn mar gheall ar an rochtain dhíreach atá acu ar bhonn leathan daoine fásta atá ag obair. Trína líonra, is féidir le ceardchumainn for-rochtain na dtionscnamh um litearthacht airgeadais a mhéadú agus oideachas airgeadais praiticiúil a chur ar fáil san ionad oibre, mar shampla, a bhaineann le hullmhacht agus pleanáil scoir.

## 3. Cur chuige cuimsitheach

I gcomhréir lena ról tacaíochta agus comhordaithe i réimse na litearthachta airgeadais, agus ag aithint dó an iliomad tionscnamh náisiúnta agus príobháideach atá i bhfeidhm cheana féin ar fud an Aontais, tá sé d'aidhm ag an gCoimisiún na hiarrachtaí leanúnacha a chomhlánú. Dá bhrí sin, dírítear sa straitéis ar réimsí inar féidir le gníomhaíocht an Aontais an breisluach is mó a sholáthar.

Sa chomhthéacs sin, glactar cur chuige cuimsitheach i straitéis an Aontais um litearthacht airgeadais atá bunaithe ar cheithre cholún gníomhaíochta idirghaolmhara: (i) comhordú agus dea-chleachtais; (ii) cumarsáid agus múscailt feasachta; (iii) cistiú do thionscnaimh litearthachta airgeadais lena n-áirítear le haghaidh taighde; agus (iv) faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus measúnú a dhéanamh ar thionchair.

I dteannta a chéile, is é is aidhm do ghníomhaíochtaí sna réimsí sin cinnteoireacht eolasach airgeadais a chur chun cinn agus forbairt agus malartú bealaí éifeachtacha a éascú chun faireachán, anailís agus measúnú a dhéanamh ar litearthacht airgeadais([14]).

[14] Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach ionann litearthacht airgeadais agus oideachas airgeadais. Cé go bhfuil litearthacht airgeadais dírithe ar na torthaí — an méid atá ar eolas ag daoine aonair, an méid a thuigeann siad agus an méid a dhéanann siad maidir lena gcuid airgeadais — tagraíonn oideachas airgeadais don phróiseas trína bhfaigheann daoine aonair an t-eolas a theastaíonn uathu chun go mbeidh siad liteartha ó thaobh airgeadais de. Baineann an t□oideachas airgeadais le buiséadú agus baineann an litearthacht airgeadais leis na príomhphrionsabail sin a chur i bhfeidhm ar airgeadas pearsanta an duine féin. Mar thoradh ar nochtadh luath agus leanúnach don oideachas airgeadais, cuirtear feabhas intomhaiste ar iompraíocht airgeadais agus ar eolas airgeadais. Na Ballstáit ina bhfuil an t□oideachas airgeadais leabaithe sa churaclam náisiúnta, bíonn siad go comhsheasmhach i measc na dtíortha is fearr ó thaobh litearthacht airgeadais de i suirbhéanna ar fud an Aontais. Ina theannta sin, i gcomhréir le raon feidhme na gcreataí inniúlachta airgeadais, ní chumhdaítear leis an straitéis sin litearthacht airgeadais d'fhiontraithe agus do FBManna, a chumhdaítear i sruthanna oibre eile an Choimisiúin. Trí EntreComp, cuireann an Coimisiún oideachas fiontraíochta chun cinn, lena n-áirítear do ghrúpaí faoi

## a. Comhordú agus dea-chleachtais

Tá straitéis litearthachta airgeadais i bhfeidhm ag na Ballstáit uile nó tá straitéis á forbairt acu faoi láthair. Ina theannta sin, tugann páirtithe leasmhara éagsúla faoi thionscnaimh éagsúla litearthachta airgeadais sna Ballstáit. Is féidir an fhoghlaim fhrithpháirteach agus malartú dea-chleachtas a bheith ina gcuidiú le cur chun úsáide tionscnamh éifeachtach a shainaithint agus a leathnú agus le léargas a fháil ar phríomhthosca ratha.

Oibreoidh an Coimisiún leis na páirtithe leasmhara ábhartha chun **príomhthosaíochtaí téamacha a shainiú agus chun dea-chleachtais laistigh de na réimsí sin a shainaithint**. D'áireofaí ar na réimsí gníomhaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann tionscnaimh chun 'teagasc múinteoirí agus oiliúnóirí' nó cuimsiú airgeadais agus tionscnaimh eile atá dírithe ar spriocghrúpaí sonracha a chothú, lena n□áirítear iad siúd ar ioncam íseal, mná, leanaí nó seanóirí, go háirithe trí 'deiseanna inteagaisc'([15]) ábhartha a shainaithint do na spriocghrúpaí sin.

Sa chomhthéacs sin, **tacóidh an Coimisiún le dea-chleachtais a bhailiú agus a mhalartú** d'fhonn a áirithiú go bpléifear iad leis na Ballstáit agus go bhféachfar go hiomlán ar an bhféidearthacht maidir le cur chun feidhme éifeachtach ar fud an Aontais agus sainiúlachtaí náisiúnta á gcur san áireamh ag an am céanna. Feidhmeoidh na malartuithe leis na Ballstáit chun foghlaim fhrithpháirteach a éascú agus cóineasú cur chuige a chothú i gcás inarb iomchuí.

Beidh na malartuithe sin ina n□ardán freisin chun réimsí tosaíochta agus an bealach is fearr chun cinn a shainaithint le haghaidh **na bhfeachtas cumarsáide agus múscailte feasachta agus deiseanna cistiúcháin.**

Trí na malartuithe sin a chothú, tá sé d'aidhm ag an gCoimisiún dúshláin choiteanna a shainaithint agus réitigh a fhorbairt go comhoibríoch, agus ar an gcaoi sin gealltanais chomhchoiteanna a neartú. I gcás inarb ábhartha, déanfaidh an Coimisiún comhordú freisin le saineolaithe ó eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ó thríú tíortha chun an próiseas sin a shaibhriú.

Eagrófar plé ardleibhéil rialta ar leibhéal aireachta freisin chun úinéireacht pholaitiúil a chothú agus chun ailíniú le beartais an Aontais i gcoitinne agus comhordú éifeachtach i measc Bhallstáit an Aontais a áirithiú. Bheadh an plé rialta sin ábhartha chun móiminteam polaitiúil agus tacaíocht a bhunú do ghníomhaíochtaí litearthachta airgeadais ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát araon.

Is díol sásaimh don Choimisiún freisin obair na nÚdarás Maoirseachta Eorpach maidir le hoideachas airgeadais, go háirithe an stór um thionscnaimh oideachais airgeadais, rud atá ríthábhachtach chun feabhas a chur ar chomhordú agus chun malartú dea-chleachtas a chur chun cinn. Iarrann an Coimisiún ar na ÚMEnna stór níos leithne a fhorbairt go comhpháirteach maidir le tionscnaimh oideachais airgeadais a dhéantar sna hearnálacha a ndéanann siad

ghannionadaíocht amhail mná agus an óige. Ina theannta sin, cuirtear taithí phraiticiúil agus líonrú chun cinn trí Erasmus le haghaidh Fiontraithe Óga (EFÓ) agus tríd an Líonra Fiontar Eorpach.

[15] Is éard atá i ndeis inteagaisc ná an t-am is éifeachtaí chun oideachas a chur ar fáil. Is mó seans go gcuirfidh saoránaigh feabhas ar a gcuid eolais airgeadais, go bhfeabhsóidh siad scileanna airgeadais nó go nglacfaidh siad iompraíocht airgeadais níos fearr le linn deiseanna inteagaisc toisc gurb é sin an t-am is mó atá siad spreagtha agus is mó atá siad ag foghlaim. Deiseanna inteagaisc sa litearthacht airgeadais is ea tráthanna ina bhfuil deis ag saoránaigh a gcuid eolais a chur i bhfeidhm i gcás nithiúil a bhfuil spéis acu ann.

maoirseacht orthu. Ba cheart an stór a bheith inrochtana go héasca ar líne, cuimsitheach, so-úsáidte agus inchuardaithe, rud a chuirfeadh ar chumas úsáideoirí cleachtais atá ann cheana a shainaithint de réir téama, bunaithe ar bhunchóras aicmiúcháin. Níor cheart raon feidhme an stóir a theorannú d'oideachas airgeadais digiteach.

Chun malartuithe a éascú agus chun cuidiú le páirtithe leasmhara nascadh le chéile, eagróidh an Coimisiún **ceardlanna rialta le cleachtóirí litearthachta airgeadais** ina dtabharfar le chéile páirtithe leasmhara san earnáil phríobháideach agus páirtithe leasmhara neamhbhrabúsacha, lena n□áirítear comhlachais tomhaltóirí agus comhlachais infheisteoirí miondíola. Is é is aidhm do na ceardlanna sin treoirphrionsabail nó bearta praiticiúla a shainaithint chun comhar a chothú agus déanfaidh siad cruthú pobail uile-Eorpaigh de chleachtóirí príobháideacha agus neamhbhrabúsacha litearthachta airgeadais a chur chun cinn.

Tá fiúntas soiléir ag baint le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara príobháideacha i bhfeabhsú na litearthachta airgeadais mar chomhlánú ar thionscnaimh ó pháirtithe leasmhara eile, go háirithe toisc go gcumasaítear léi líonraí ollmhóra, saineolas praiticiúil agus acmhainneacht for-rochtana na bpáirtithe leasmhara príobháideacha sin a shlógadh. Mar sin féin, in éagmais cód iompair caighdeánaithe do na páirtithe leasmhara sin, d'fhéadfadh coinbhleachtaí leasa (a mheastar a bheith ann) nó neamhréireachtaí i gcáilíocht agus in iontaofacht na faisnéise a sholáthraítear a bheith mar thoradh air. Dá bhrí sin, cuirfidh an Coimisiún chun cinn agus cuideoidh sé le **cód iompair Eorpach a fhorbairt d'eagraíochtaí príobháideacha agus neamhbhrabúsacha a chuireann tionscnaimh um litearthacht airgeadais ar fáil.** Ba cheart an cód iompair deonach a bheith bunaithe ar phrionsabail agus ba cheart d'ionadaithe ábhartha páirtithe leasmhara é a fhorbairt go comhpháirteach faoi choimirce an Choimisiúin. Le cód láidir iompair, d'áiritheofaí go mbeadh cuspóirí na dtionscnamh um litearthacht airgeadais trédhearcach, agus go mbeadh ábhar oideachais cruinn agus neamhchlaonta chun muinín a chothú i measc tomhaltóirí agus infheisteoirí, agus creidiúnacht na dtionscnamh a fheabhsú. Chuideodh sé freisin leis an riosca a bhaineann le coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann a mhaolú, i gcás ina bhféadfadh eintitis phríobháideacha táirgí nó seirbhísí a théann chun tairbhe a leasanna féin a chur chun cinn seachas leas airgeadais na rannpháirtithe. Chuirfeadh cód dea-shainithe iompar eiticiúil, cuntasacht agus feabhsú leanúnach chun cinn, rud a d'fhágfadh go mbeadh cláir um litearthacht airgeadais níos éifeachtaí agus níos cothroime ann ar deireadh. Ina theannta sin, molann an Coimisiún do na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar chód iompair an Aontais a ionchorprú ina straitéisí náisiúnta um litearthacht airgeadais([16]).

**Bearta atá beartaithe:**

- ***Eagróidh an Coimisiún cruinnithe téamacha rialta litearthachta airgeadais de ghrúpaí saineolaithe rialtais ábhartha, i gcás ina bhfuil údar leis sin, chun iarrachtaí a chomhordú maidir le cumarsáid, múscailt feasachta, faireachán, meastóireacht***

---

[16] Mar shampla, áirítear i straitéis náisiúnta na hOstaire um litearthacht airgeadais cód iompair maidir le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara. Féach: Aire Cónaidhme Airgeadais (an Ostair) (2024). *Overview National Financial Literacy Strategy* [Forléargas ar an Straitéis Náisiúnta um Litearthacht Airgeadais] (Íoslódáil & Sonraí Teagmhála). [ar líne] Le fáil ag: https://www.bmf.gv.at/en/the-ministry/National-Financial-Literacy-Strategy/overview-national-financial-literacy-strategy/download---contact-details.html

***agus cistiú tionscnamh náisiúnta um litearthacht airgeadais. Eagrófar an chéad chruinniú in R1 2026.***

- ***Oibreoidh an Coimisiún le páirtithe leasmhara ábhartha chun réimsí tosaíochta téamacha a shainiú agus chun dea-chleachtais a shainaithint; déanfar malartuithe ansin ar na cleachtais sin i measc saineolaithe ó na Ballstáit maidir le tionscnaimh um litearthacht airgeadais a dhearadh agus a chur chun feidhme ag tosú in R4 2026. Déanfar na dea-chleachtais sin a chur i láthair agus a phlé leis na Ballstáit ar an leibhéal teicniúil agus ar an leibhéal polaitiúil araon. Beidh gach Ballstát freagrach as meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na ndea-chleachtas sainaitheanta agus foilseoidh an Coimisiún torthaí an phlé.***

- ***Eagróidh an Coimisiún ceardlanna rialta ina dtabharfar le chéile an earnáil phríobháideach agus páirtithe leasmhara neamhbhrabúsacha chun malartuithe a éascú, comhar a chothú agus cruthú pobail uile-Eorpaigh de chleachtóirí litearthachta airgeadais a chur chun cinn, ó 2026 ar aghaidh.***

- ***In 2027, eagróidh an Coimisiún an chéad imeacht ar leibhéal aireachta maidir le litearthacht airgeadais chun an dul chun cinn a rinneadh i scaipeadh agus i gcur chun feidhme dea-chleachtas a mheas agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar phríomhthreochtaí atá ag teacht chun cinn. Is é is aidhm don imeacht rannpháirtíocht ghníomhach leanúnach agus tiomantas polaitiúil a áirithiú agus reáchtálfar gach 2 bhliain é.***

- ***Tacóidh an Coimisiún le cód iompair Eorpach atá deonach agus prionsabalbhunaithe a fhorbairt d'eagraíochtaí príobháideacha agus neamhbhrabúsacha i gcomhar le páirtithe leasmhara ábhartha faoi R1 2027. Molann an Coimisiún do na Ballstáit freisin machnamh a dhéanamh ar chód iompair an Aontais a ionchorprú ina straitéisí náisiúnta um litearthacht airgeadais agus faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn trí rianú a dhéanamh ar líon na n□eagraíochtaí a chloíonn leis.***

### b. Cumarsáid agus múscailt feasachta

Leagtar béim i gconclúidí 2024 ón gComhairle ar a thábhachtaí atá feachtais múscailte feasachta i réimse na litearthachta airgeadais, lena spreagtar na Ballstáit chun gníomhaíocht ábhartha a dhéanamh.

Tá cláir agus tionscnaimh um litearthacht airgeadais fíor-riachtanach ach is léir nach n□éireodh leo mura bhfuil daoine ar an eolas fúthu roimh ré. Sa chomhthéacs sin, ceapfar feachtas feasachta ar leibhéal an Aontais chun gníomhaíochtaí náisiúnta atá ann cheana sa réimse sin a neartú, lena gcomhlánófar iarrachtaí cumarsáide, feasachta agus treorach údaráis na mBallstát agus comhlachais tomhaltóirí agus tionscail an Aontais agus náisiúnta, chomh maith le comhpháirtithe sóisialta.

Díreoidh an feachtas múscailte feasachta ar leibhéal an Aontais ar scileanna airgeadais phearsanta, lena n-áirítear pleanáil buiséid, pleanáil scoir, bainistiú fiachais, bainistiú riosca agus calaois agus cosc camscéimeanna, atá ábhartha do shaoránaigh uile an Aontais, go háirithe

grúpaí leochaileacha. Beidh an feachtas solúbtha go leormhaith chun tacú le cineálacha cur chuige saincheaptha náisiúnta a fhreastalaíonn ar spriocghrúpaí sonracha amhail mná, daoine óga, seanóirí agus daoine ar ioncam íseal. D'fhéadfadh sé a bheith deacair teagmháil a dhéanamh leis na grúpaí sin agus d'fhéadfadh riachtanais shonracha a bheith acu a d'fhéadfadh a bheith éagsúil ar fud na mBallstát. Dá bhrí sin tá sé tábhacht go mbainfear úsáid sna straitéisí náisiúnta as bonneagar atá ann faoi láthair, lena n-áirítear ionaid phobail nó moil shóisialta chomhchosúla atá ann ar an leibhéal áitiúil, i gcás inarb ábhartha, agus oibriú le hidirghabhálaí iontaofa ar féidir brath air chun dul i bhfeidhm ar na grúpaí spriocdhírithe sin.

Ag an am céanna, thacódh an feachtas le cuspóirí níos leithne SIU maidir le 'cultúr infheistíochta' a chothú agus feasacht a mhúscailt maidir leis an riosca agus na deiseanna a bhaineann le hinfheistíocht, lena n-áirítear comhbhabhtálacha idir riosca agus toradh agus na tairbhí a bhaineann le héagsúlú. Áireofar san fheachtas raon ábhar cumarsáide arb é is aidhm dóibh cuidiú le hinfheisteoirí faisnéis a bhailiú, lena n-áirítear conas páirt a ghlacadh i margaí caipitil agus faoi ghnéithe na dtáirgí infheistíochta éagsúla, ar bhealach cuimsitheach. Leis an bhfeachtas, leagfaí béim ar na buntáistí a bhaineann le Cuntais Choigiltis agus Infheistíochta maidir le rannpháirtíocht i margaí caipitil a éascú, rud a chomhlánódh an moladh maidir le cuntais choigiltis agus infheistíochta trí rannchuidiú le hinfheictheacht cuntais choigiltis agus infheistíochta agus trína nglacadh a spreagadh.

Chun tacú le tionscnaimh na mBallstát, chun a n-infheictheacht a mhéadú agus chun teachtaireachtaí comhsheasmhacha a áirithiú, bunófar **líonra 'ambasadóirí litearthachta airgeadais'**. Leis an líonra pearsana poiblí sin, cuirfear litearthacht airgeadais chun cinn mar chúis Eorpach agus náisiúnta, ag dul níos faide ná cinntí infheistíochta amháin — chun bainistiú laethúil airgid a chur san áireamh agus feasacht tomhaltóirí a ardú. Gan na moltaí sin, is minic go dtí seo nach raibh an infheictheacht agus an tionchar is gá ag iarrachtaí chun feasacht an phobail a mhéadú chun athrú fóinteach a chur i bhfeidhm. D'fhéadfadh Ambasadóirí an bhearna a dhúnadh trí shamplaí a mbeadh dáimh ag daoine leo agus teistiméireachtaí pearsanta a chur ar fáil a bhaineann le lucht féachana éagsúil, agus ar an gcaoi sin rannpháirtíocht a fheabhsú agus níos mó daoine a spreagadh chun scileanna riachtanacha airgeadais a fhorbairt.

Ba cheart ról lárnach a bheith ag Ambasadóirí laistigh de na Ballstáit maidir le saoránaigh a threorú i dtreo cláir agus acmhainní iontaofa um litearthacht airgeadais agus idirghabhálaithe ábhartha, lena n-áirítear comhlachais infheisteoirí tomhaltóirí agus miondíola, comhpháirtithe sóisialta agus údaráis náisiúnta. Déanfaidh gach Ballstát Ambasadóirí a roghnú agus a cheapadh chun tacú le hiarrachtaí foriomlána litearthacht airgeadais a chur chun cinn ar fud an Aontais agus chun iad a mhéadú. Feidhmeoidh na hambasadóirí sin ar an leibhéal náisiúnta agus áitiúil, agus rachaidh siad i dteagmháil le saoránaigh agus pobail (lena n-áirítear iad siúd atá suite i gceantair thuaithe), le gnólachtaí, le rialtais agus le hinstitiúidí oideachais. Cothóidh siad an díospóireacht ar an leibhéal náisiúnta, ag díriú ar ghrúpaí éagsúla trí bhealaí éagsúla, lena n-áirítear trí pháirt a ghlacadh in imeachtaí poiblí, trí dhul i dteagmháil leis na meáin phríomhshrutha agus trí nascadh leis na glúnta óga ar na meáin shóisialta. Cuideoidh siad le cláir oideachais a chur chun cinn, spreagfaidh siad cinnteoireacht eolasach airgeadais, agus tacóidh siad le tionscnaimh ina gcuirtear ar chumas na saoránach a gcuid airgeadais a bhainistiú ar bhealach níos fearr agus páirt a ghlacadh i margaí caipitil. Moltar do na Ballstáit tacaíocht leanúnach a thabhairt do na hambasadóirí agus a gcúraimí á ndéanamh acu.

Rachaidh an Coimisiún i dteagmháil go rialta leis na hambasadóirí litearthachta airgeadais agus tabharfaidh sé le chéile iad go tréimhsiúil chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn, chun léargais agus smaointe a mhalartú, agus chun dea-chleachtais a chomhroinnt ar an leibhéal áitiúil. Tabharfaidh sé príomhtheachtaireachtaí agus ábhair chumarsáide dóibh freisin, ar féidir leis na hambasadóirí iad a shaincheapadh don chomhthéacs áitiúil agus iad a chur in oiriúint don chomhthéacs áitiúil. D’fhéadfadh an líonra ambasadóirí sin comhoibriú freisin le heagraíochtaí tomhaltóirí agus infheisteoirí miondíola an Aontais agus náisiúnta agus le comhpháirtithe sóisialta chun an feachtas múscailte feasachta a chur chun feidhme nó trí ghníomhaíochtaí na n□eagraíochtaí sin a chur chun cinn, lena n-áirítear iad siúd maidir le treoir airgeadais. Is é is aidhm don chur chuige sin giaráil a dhéanamh ar líonraí náisiúnta agus ar shaineolas atá ann cheana chun tionchar agus scaipeadh an fheachtais a uasmhéadú.

Is féidir le hambasadóirí an Aontais ról gníomhach a imirt freisin le linn Sheachtain Dhomhanda Airgid ECFE/INFE, feachtas múscailte feasachta domhanda bliantúil arb é is aidhm dó a áirithiú go mbeidh an t-eolas agus na scileanna airgeadais is gá ag daoine óga, ó aois óg.

Ina theannta sin, eagróidh an Coimisiún **imeachtaí poiblí**, ina mbeidh plé ar litearthacht airgeadais agus infheistíochta.

**Bearta atá beartaithe:**

- ***Faoi R1 2026, cruthóidh an Coimisiún, in éineacht leis na Ballstáit, líonra ‘ambasadóirí litearthachta airgeadais’ creidiúnacha chun díospóireacht a chothú ar an leibhéal náisiúnta. Cuideoidh na pearsana poiblí iontaofa sin le litearthacht airgeadais a chur chun cinn mar chúis náisiúnta agus Eorpach agus bainfidh siad le comhthéacs uathúil an Bhallstáit.***
- ***Reáchtálfaidh an Coimisiún feachtas forleathan cumarsáide agus meán sóisialta, lena ndíreofar ar ghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear daoine óga, leanaí agus grúpaí leochaileacha. Leis an bhfeachtas, músclófar feasacht freisin maidir le scéimeanna cistiúcháin an Aontais chun tacú le straitéisí agus tionscnaimh náisiúnta um litearthacht airgeadais. Is féidir leis an gCoimisiún cuidiú freisin le riachtanais shonracha nó réimsí tosaíochta a shainaithint agus tionscnaimh shonracha a chur chun cinn ar an leibhéal náisiúnta chun a raon feidhme agus a dtionchar a mhéadú.***
- ***Reáchtálfaidh an Coimisiún imeachtaí poiblí a bheidh dírithe ar litearthacht airgeadais agus ar ról an Choimisiúin maidir le tacú le folláine airgeadais, mar chuid de thionscnaimh múscailte feasachta i gcoitinne.***

### c. Faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus measúnú a dhéanamh ar thionchair

Beidh sé ríthábhachtach faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus measúnú a dhéanamh ar thionchair chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na ngníomhaíochtaí litearthachta airgeadais. Sna conclúidí ar tháinig an Chomhairle orthu i ndáil le litearthacht airgeadais, mhol sí do na Ballstáit gníomhaíochtaí a dhéanamh chun iarrachtaí faireacháin agus meastóireachta

a neartú ([17]). Chinn an Grúpa Euro, i bhformáid chuimsitheach, go ndéanfaidh sé faireachán struchtúrtha go rialta chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht mhargaí caipitil na hEorpa agus chun an dul chun cinn maidir le hAontas na Margaí Caipitil a rianú, lena n□áirítear leibhéal na litearthachta airgeadais ([18]).

**Chun tacú leis sin, déanfaidh an Coimisiún an dara suirbhé Flais-Eorabharaiméadair maidir le litearthacht airgeadais in 2027** agus leanfaidh sé de dhéanamh amhlaidh go rialta ina dhiaidh sin. Trí thorthaí an tsuirbhé a chur i gcomparáid le torthaí shuirbhé Flais-Eorabharaiméadair 2023, is féidir forbairtí litearthachta airgeadais agus dul chun cinn i mBallstáit uile an Aontais a rianú trí chreat coiteann tomhais ([19]) . Chomh maith leis na sonraí comparáideacha a bhailiú maidir le suirbhé 2023, breithneoidh an Coimisiún ceisteanna breise a chur san áireamh maidir le hábhair amhail buiséadú agus coigilt, ullmhacht agus pleanáil scoir, athléimneacht airgeadais agus cumhdach árachais, agus dúbailt i leith faisnéis a bailíodh cheana trí shuirbhéanna malartacha á seachaint ag an am céanna. Leis na sonraí sin, tacófar leis an anailís ar iompraíocht airgeadais agus tabharfar léargas ar an gcomhghaol idir leibhéil litearthachta airgeadais agus folláine airgeadais, agus aird á tabhairt ar an ngné inscne agus aoise. Cuideofar leo freisin le réimsí a shainaithint ina mbeadh tionscnaimh um litearthacht airgeadais ina gcuidiú mór. Molann an Coimisiún do na Ballstáit páirt a ghlacadh freisin i suirbhéanna idirnáisiúnta eile maidir le litearthacht airgeadais.

Chomh maith le faireachán a dhéanamh ar leibhéil na litearthachta airgeadais san Aontas, tá sé tábhachtach freisin **faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme** na ndea-chleachtas seanbhunaithe sna Ballstáit. Chuige sin, molann an Coimisiún go gcomhlánófaí an próiseas malartaithe dea-chleachtas le sásra le haghaidh tuairisciú don Ghrúpa Euro i bhformáid chuimsitheach. Ina theannta sin, oibreoidh an Coimisiún leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme chód iompair an Aontais d’eagraíochtaí príobháideacha agus neamhbhrabúsacha.

Tá dianmheastóireacht ar thionscnaimh um litearthacht airgeadais ríthábhachtach chun meastóireacht a dhéanamh ar a n-éifeachtacht, lena n-áirítear chun athruithe iompraíochta a dhéanamh, agus chun dea-chleachtais a shainaithint. Molann an Coimisiún do **pháirtithe leasmhara ábhartha([20]) úsáid a bhaint as Saotharlann Foghlama an Choimisiúin maidir**

---

[17] Comhairle an Aontais Eorpaigh (2024). *Aontas na Margaí Caipitil: Conclúidí maidir le litearthacht airgeadais formheasta ag an gComhairle* (Preaseisiúint, an 14 Bealtaine 2024). [ar líne] Le fáil ag: https://www.consilium.europa.eu/en/press/press-releases/2024/05/14/capital-markets-union-council-approves-conclusions-on-financial-literacy/

[18] Comhairle an Aontais Eorpaigh (2024). *CMU Monitoring Framework* [Creat Faireacháin Aontas na Margaí Caipitil]. [ar líne] Le fáil ag: https://www.consilium.europa.eu/media/kljp0mvi/cmu_monitoring_framework.pdf

[19] Chun forléargas a fháil, féach an Coimisiún Eorpach (2023). *European Financial Stability and Integration Review 2023* [Athbhreithniú 2023 ar Chobhsaíocht Airgeadais agus Lánpháirtíocht na hEorpa]. [ar líne] Le fáil ag: https://finance.ec.europa.eu/document/download/ffc80aa7-96a8-4500-b7a5-eaf1f8e607cf_en?filename=european-financial-stability-and-integration-review-2023_en_0.pdf

[20] Leis an tSaotharlann, cuirtear cleachtais meastóireachta beartais oideachais chun cinn san Aontas. Cuirtear cúrsaí oiliúna ginearálta, tacaíocht theicniúil shaincheaptha maidir le meastóireacht bheartais ar fáil léi, lena n-áirítear cuidiú maidir le próiseas meastóireachta a dhearadh, agus staidéir mheastóireachta tionchair fhrithfhíorasacha saor in aisce ar bheartais oideachais le haghaidh tionscadail roghnaithe. Is féidir le lucht ceaptha beartas agus comhaltaí na sochaí sibhialta, lena n□áirítear comhpháirtithe sóisialta agus cleachtóirí oideachais, páirt a ghlacadh sa tSaotharlann. Tá tuilleadh faisnéise le fáil ar: An Coimisiún Eorpach; An Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr (2022). *Learning Lab: Investing in Quality Education and Training*

**le hinfheistíocht san oideachas ar ardchaighdeán agus san oiliúint** chun meastóireacht a dhéanamh ar thionscnaimh um litearthacht airgeadais. Ina theannta sin, tá an Coimisiún tiomanta **tacú leis na Ballstáit i leith forbairt agus glacadh uirlisí meastóireachta**. Is féidir uirlisí atá ann cheana amhail modheolaíocht na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht([21]) le haghaidh meastóireachtaí agus obair ECFE sa réimse sin a bheith ina samhail, agus le malartuithe dea-chleachtas, is féidir deis a chur ar fáil le haghaidh mionphlé, lena n-áirítear maidir le modheolaíochtaí agus táscairí chun torthaí nithiúla agus athruithe iompraíochta a thomhas (amhail rátaí coigiltis méadaithe, úsáid ardán digiteach, cumhdach árachais, rannpháirtíocht pinsin fhorlíontach nó leibhéil rannpháirtíochta i margaí caipitil).

Ar deireadh, **bhí litearthacht airgeadais le feiceáil go soiléir i dtuarascálacha tíre Sheimeastar Eorpach 2025, lena bhforbraítear tionscadail na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil freisin. Leanfaidh an Coimisiún de mheasúnú a dhéanamh ar fhorbairtí litearthachta airgeadais i ngach tuarascáil tíre atá mar chuid de chreat an tSeimeastair Eorpaigh.** D'fhéadfadh an anailís sna tuarascálacha sin cur leis na suirbhéanna Eorabharaiméadair thuasluaite maidir le leibhéil litearthachta airgeadais. Beidh an anailís mar bhonn eolais d'ábhar na dtuarascálacha tíre agus d'fhéadfadh sí cur le moltaí tírshonracha a d'fhéadfadh a bheith ann.

**Bearta atá beartaithe:**

- ***Déanfaidh an Coimisiún an dara suirbhé Flais-Eorabharaiméadair maidir le faireachán a dhéanamh ar leibhéil litearthachta airgeadais san Aontas in 2027 agus leanfaidh sé de dhéanamh amhlaidh go rialta ina dhiaidh sin. Chun tuilleadh feabhais a chur ar an bhfaireachán, molann an Coimisiún do na Ballstáit páirt a ghlacadh i suirbhéanna idirnáisiúnta maidir le litearthacht airgeadais.***
- ***Tacóidh an Coimisiún leis na Ballstáit i leith forbairt agus glacadh uirlisí meastóireachta, lena n□áirítear trí phlé a dhéanamh ar úsáid na n□uirlisí sin i malartú dea-chleachtas. Chomh maith leis sin, spreagfaidh an Coimisiún páirtithe leasmhara chun Saotharlann Foghlama an Choimisiúin maidir le hinfheistíocht san oideachas ar ardchaighdeán agus san oiliúint a úsáid chun meastóireacht a dhéanamh ar thionscnaimh um litearthacht airgeadais.***
- ***Tá breithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún cheana féin ar shaincheisteanna a bhaineann leis an earnáil airgeadais, lena n-áirítear litearthacht airgeadais i bpróiseas an tSeimeastair Eorpaigh, agus leanfaidh sé de na saincheisteanna sin a mheas. I gcás ina bhfuil údar leis, féadfaidh an Coimisiún moltaí tírshonracha a mholadh sna réimsí sin.***

[Saotharlann Foghlama: Infheistíocht a dhéanamh san Oideachas ar Ardchaighdeán agus san Oiliúint]. [ar líne] Le fáil ag: https://education.ec.europa.eu/focus-topics/improving-quality/learning-lab

[21] An Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (2022). *EIT Monitoring and Evaluation Strategy 2022–2027* [Straitéis um Fhaireacháin agus Meastóireacht EIT 2022–2027]. [ar líne] Le fáil ag: https://www.eit.europa.eu/sites/default/files/eit_monitoring_and_evaluation_strategy_2022-2027_1.pdf

## d. Cistiú do thionscnaimh um litearthacht airgeadais lena n□áirítear le haghaidh taighde

Beidh sé ríthábhachtach cistiú a áirithiú le haghaidh tionscnaimh um litearthacht airgeadais. Tá gá le cistiú leordhóthanach chun cláir oideachais chuimsitheacha agus tionscnaimh chuimsitheacha a chur chun feidhme lenar féidir aghaidh a thabhairt ar riachtanais éagsúla an phobail.

Agus an straitéis um litearthacht airgeadais sin á cur chun feidhme, molann an Coimisiún do na Ballstáit an leas is fearr a bhaint as na bealaí cistiúcháin atá ann cheana, lena n□áirítear clár Erasmus+, Clár an Mhargaidh Aonair, an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, agus Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, chun tionscnaimh um litearthacht airgeadais a chistiú faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) atá ann faoi láthair.

Cé gur chistigh an Coimisiún tionscnaimh um litearthacht airgeadais trí chláir éagsúla([22]), le cur chuige níos struchtúrtha agus níos comhordaithe, d'fhéadfadh sé a bheith níos éasca do pháirtithe leasmhara foinsí cistiúcháin ábhartha a shainaithint. **Chun uirlisí atá ann cheana féin a chomhlánú, le suíomh gréasáin tiomnaithe arna bhunú ag an gCoimisiún** ar a dtugtar forléargas cuimsitheach ar bhealaí cistiúcháin ábhartha an Aontais le haghaidh litearthacht airgeadais, chuirfí feabhas ar infheictheacht na bhfoinsí cistiúcháin agus neartófaí cur chun feidhme tionscnamh um litearthacht airgeadais agus tionscadal taighde.

Le taighde acadúil, is féidir cuspóirí litearthachta airgeadais a chur chun cinn ar bhealaí éagsúla.([23]). I gcomhréir leis an méid sin, i gconclúidí 2024 ón gComhairle maidir le litearthacht airgeadais, moltar don Choimisiún deiseanna taighde a éascú agus iarrtar ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit agus ar na páirtithe leasmhara taighde agus comhar a spreagadh trí dheiseanna cistiúcháin a mheas chun go gcuirfear feabhas ar litearthacht airgeadais san Aontas. Úsáid an chistiúcháin atá ann cheana le haghaidh tionscnaimh um litearthacht airgeadais agus tionscadail taighde, cuirfidh an Coimisiún an úsáid sin chun cinn. Ina theannta sin, cuirfidh an Coimisiún **úsáid na gcreataí inniúlachta litearthachta airgeadais chun cinn i ndearadh tionscnamh um litearthacht airgeadais agus tionscadal taighde lena lorgaítear cistiú ón Aontas,** agus ar an gcaoi sin tacóidh sé le cur chun feidhme na gcreataí sin. Is é is cuspóir don

---

[22] Lena n-áirítear tríd an tionscnamh suaitheanta maidir le litearthacht airgeadais dhigiteach faoi TSI, Erasmus+ agus CSE+ agus Clár an Mhargaidh Aonair. Ina theannta sin, cistíonn páirtithe leasmhara poiblí nó príobháideacha roinnt mhaith tionscadal um litearthacht airgeadais ar an leibhéal náisiúnta freisin.

[23] Is féidir í a bheith ina cuidiú le measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht straitéisí náisiúnta um litearthacht airgeadais agus bonn eolais a chur faoi thuarascálacha tíre faoi chreat an tSeimeastair Eorpaigh (féach Roinn c). Leis an straitéis, is féidir dea-chleachtais a shainaithint freisin trí thionscnaimh trastíre, agus fócas áitiúil na dtionscnamh náisiúnta a shárú, rud a d'fhéadfadh bac a chur ar chur chun feidhme tionscnamh náisiúnta i dtíortha a bhfuil saintréithe éagsúla institiúideacha, sóisialta agus déimeagrafacha acu. Ina theannta sin, is féidir í a bheith ina tacaíocht do chur chun feidhme chreataí deonacha inniúlachta litearthachta airgeadais CE/ECFE-INFE trí ábhar oideachais atá bunaithe ar inniúlacht a fhorbairt agus a thástáil. Leis sin, d'éascófaí comhtháthú an chreata óige i gcuraclaim, ós rud é gur minic nach mbíonn an saineolas ag scoileanna chun dianmheastóireachtaí a fhorbairt agus dea-chleachtais a shainaithint (féach Roinn a agus Roinn c).

straitéis seo deiseanna cistiúcháin náisiúnta litearthachta airgeadais a chomhlánú, seachas teacht ina n-ionad.

Ag féachaint chun cinn agus mar a luaitear sa togra ón gCoimisiún maidir le CAI, beifear ag súil go mbeidh na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnacha, *inter alia*, ina dtacaíocht do bhearta, lena n-áirítear athchóirithe, chun an tAontas Coigiltis agus Infheistíochta a chur chun cinn agus chun forbairt roghanna cistiúcháin margadhbhunaithe a chothú. D'fhéadfadh gníomhaíochtaí maidir le litearthacht airgeadais a bheith san áireamh leis sin freisin.

**Bearta atá beartaithe:**

- ***Bunóidh an Coimisiún suíomh gréasáin chun cuidiú le páirtithe leasmhara faisnéis a fháil faoi bhealaí cistiúcháin an Aontais atá ann cheana le haghaidh tionscnaimh um litearthacht airgeadais agus taighde. Iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit freisin feabhas a chur ar infheictheacht na mbealaí cistiúcháin náisiúnta le haghaidh tionscnaimh um litearthacht airgeadais agus iad a dhéanamh inrochtana go héasca do pháirtithe leasmhara.***
- ***Cuirfidh an Coimisiún chun cinn, i gcás inarb ábhartha, úsáid na gcreataí inniúlachta litearthachta airgeadais chun tionscnaimh um litearthacht airgeadais agus tionscadail taighde a dhearadh, lena n-áirítear i gcás ina bhféadfainn chistiú ón Aontas a fháil.***
- ***Spreagfaidh an Coimisiún na Ballstáit chun an leas is fearr a bhaint as bealaí cistiúcháin atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear faoi CAI reatha, amhail Erasmus+, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, Clár an Mhargaidh Aonair, agus an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil.***

## 3. Conclúidí agus na chéad bhearta eile

I gcroílár na straitéise um litearthacht airgeadais sin tá tiomantas bunúsach chun tacú le saoránaigh i leith a gcuid folláine airgeadais a bhainistiú. Tá an fheidearthacht i litearthacht airgeadais torthaí saoil níos fearr a bhaint amach: ó rófhéichiúnas a chosc agus tithíocht chobhsaí a áirithiú go pleanáil le haghaidh scoir, chomh maith le dul i ngleic le dúshláin gan choinne agus athléimneacht ann. Is é bunchloch an chumhachtaithe phearsanta, an chuimsithe eacnamaíoch agus an rathúnais fhadtéarmaigh do chách é, rud a théann chun tairbhe do phobail agus don gheilleagar i gcoitinne. Tríd an eolas, na scileanna agus an mhuinín a thabhairt do dhaoine aonair chun cinntí eolasacha airgeadais a dhéanamh, ní hamháin go bhfuilimid ag rannchuidiú le neamhspleáchas airgeadais daoine aonair a mhéadú — táimid ag cothú sochaí athléimneach, chuimsitheach agus réamhbhreathnaitheach inar féidir le saoránaigh a bheith rathúil. Tá sé ríthábhachtach gníomhú gan mhoill, go háirithe ós rud é nach mbeidh tionchar iomlán aon straitéise um litearthacht airgeadais ann láithreach agus nach dtiocfaidh sé chun cinn ach le himeacht ama, de réir mar a dhéanann daoine aonair a gcuid iompair a oiriúnú.

Díreofar sa chéad chéim eile ar chur chun feidhme éifeachtach na straitéise, agus béim láidir á leagan ar chomhar struchtúrtha i measc na mBallstát agus na bpríomhpháirtithe leasmhara chun tionchar na dtionscnamh atá ar siúl faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a uasmhéadú.

Chun an dul chun cinn a rianú, bunófar creat láidir faireacháin, trí úsáid a bhaint as uirlisí atá ann cheana amhail an suirbhé flais-Eorabharaiméadair, próisis faireacháin an Ghrúpa Euro, agus faireachán tírshonrach sa Seimeastar Eorpach. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chur chun feidhme na straitéise um litearthacht airgeadais i gcomhthéacs níos leithne an athbhreithnithe mheántéarma ar an straitéis um an aontas coigiltis agus infheistíochta atá beartaithe in 2027. Leis an athbhreithniú sin, beidh deis thábhachtach ann aon dúshlán cur chun feidhme a shainaithint agus an straitéis a bheachtú de réir mar is gá, chun ábharthacht agus tionchar leanúnach a áirithiú.

Beidh rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara lárnach i gcónaí, agus beidh an earnáil phríobháideach, eagraíochtaí tomhaltóirí agus infheisteoirí miondíola, comhpháirtithe sóisialta, agus comhpháirtithe idirnáisiúnta rannpháirteach inti chun dea-chleachtais a chomhroinnt agus iarrachtaí a ailíniú. Le tuairisciú rialta, soláthrófar nuashonruithe agus iarrfar aiseolas chun bonn eolais a chur faoi ghníomhaíocht amach anseo. Ar deireadh, beidh torthaí an fhaireacháin agus na meastóireachta ina mbonn eolais don phleanáil fhadtéarmach, lena n-áiritheofar litearthacht airgeadais mar phríomhthosaíocht i gcónaí i gcreataí beartais agus cistiúcháin an Aontais.

**FOSCRÍBHINN: Tábla gníomhaíochtaí**

| Colún | An ghníomhaíocht atá beartaithe | Dáta |
|---|---|---|
| | Cruinnithe téamacha rialta litearthachta airgeadais de ghrúpaí saineolaithe rialtais ábhartha chun iarrachtaí a chomhordú maidir le cumarsáid, múscailt feasachta, faireachán, meastóireacht agus cistiú tionscnamh um litearthacht airgeadais. | Ó R1 2026 ar aghaidh |
| | Réimsí tosaíochta téamacha a shainaithint agus ‘dea-chleachtais’ a mhalartú i measc shaineolaithe na mBallstát maidir le tionscnaimh um litearthacht airgeadais a dhearadh agus a chur chun feidhme. | R4 2026 |
| Comhordú agus dea-chleachtais | Imeacht aireachta maidir le litearthacht airgeadais chun an dul chun cinn a rinneadh i gcur chun feidhme agus scaipeadh dea-chleachtas a mheas agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar na príomhthreochtaí atá ag teacht chun cinn. | Ó 2027 ar aghaidh |
| | Cód iompair Eorpach deonach, bunaithe ar phrionsabail a fhorbairt d’eagraíochtaí príobháideacha agus seachbhrabúsacha i gcomhar leis na páirtithe leasmhara ábhartha. | R1 2027 |
| | Ceardlanna rialta leis an earnáil phríobháideach agus le páirtithe leasmhara neamhbhrabúsacha chun malartuithe a éascú, comhar a chothú agus cruthú pobail uile-Eorpaigh de chleachtóirí litearthachta airgeadais a chur chun cinn. | Ó 2026 ar aghaidh |
| | Líonra ‘ambasadóirí litearthachta airgeadais’ dea-cháilithe a bhunú chun díospóireacht a chothú ar an leibhéal náisiúnta, litearthacht airgeadais a chur chun cinn mar chúis náisiúnta agus Eorpach de réir mar a bhaineann sé le comhthéacs uathúil an Bhallstáit. | R1 2026 |
| Cumarsáid agus múscailt feasachta | Feachtas cumarsáide agus meán sóisialta ar fud an Aontais maidir le litearthacht airgeadais, lena ndírítear ar ghrúpaí úsáideoirí éagsúla, lena n□áirítear leanaí beaga, páistí bunscoile agus daoine leochaileacha. | Ó 2026 ar aghaidh |
| | Imeachtaí poiblí a eagrú ina ndíreofar ar litearthacht airgeadais agus ar a ról maidir le tacú le folláine airgeadais, mar chuid de thionscnaimh múscailte feasachta i gcoitinne. | Ó 2026 ar aghaidh |

| | | |
|---|---|---|
| Faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus measúnú a dhéanamh ar thionchair | An dara suirbhé Flais-Eorabharaiméadair maidir le faireachán a dhéanamh ar leibhéil litearthachta airgeadais san Aontas. Leanfaidh an Coimisiún de shuirbhéanna den sórt sin a dhéanamh go rialta ina dhiaidh sin. | Ó 2027 ar aghaidh |
| | Tacaíocht do na Ballstáit i leith forbairt agus glacadh uirlisí meastóireachta. Chomh maith leis sin, spreagfaidh an Coimisiún páirtithe leasmhara chun Saotharlann Foghlama an Choimisiúin maidir le hinfheistíocht san oideachas ar ardchaighdeán agus san oiliúint a úsáid chun meastóireacht a dhéanamh ar thionscnaimh um litearthacht airgeadais. | Ó 2026 ar aghaidh |
| | Litearthacht airgeadais a áireamh i bpróiseas an tSeimeastair Eorpaigh chun meastóireacht chomhsheasmhach agus moltaí tírshonracha a d'fhéadfadh a bheith ann a chur chun cinn. | Leanúnach |
| Cistiú do thionscnaimh um litearthacht airgeadais lena n□áirítear le haghaidh taighde | Suíomh gréasáin chun cuidiú le páirtithe leasmhara faisnéis a fháil faoi bhealaí cistiúcháin an Aontais atá ann cheana le haghaidh tionscnaimh um litearthacht airgeadais agus taighde. | R4 2026 |
| | Úsáid na gcreataí inniúlachta litearthachta airgeadais a chur chun cinn chun tionscnaimh um litearthacht airgeadais agus tionscadail taighde a dhearadh, lena n□áirítear i gcás ina bhféadfaidís tairbhiú de chistiú ón Aontas. | Leanúnach |
| | Spreagfaidh an Coimisiún na Ballstáit chun an leas is fearr a bhaint as bealaí cistiúcháin atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear faoi CAI reatha, amhail Erasmus+, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, Clár an Mhargaidh Aonair, agus an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil. | |